# An Cur Chuige Cumarsáideach

## Cúlra

Tagann an Sampla seo ó rang ilghráid, ina bhfuil naíonáin shinsearacha agus rang a haon, i scoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. Tá 28 páiste sa rang, agus tá cuid mhór acu breisteangach. Tá na páistí uile ag foghlaim Gaeilge mar theanga bhreise. Tríd an eispéireas foghlama seo, dírítear ar Theanga ó Bhéal na bpáistí, cé go bhfuil an Léitheoireacht agus an Scríbhneoireacht comhtháite sa phróiseas freisin. Tá na heispéiris foghlama suite i gcomhthéacs na siopadóireachta le béim ar leith ar **idirghníomhaíochtaí agus súgradh**. Leagtar béim ar **chumarsáid thaitneamhach, idirghníomhach agus fheidhmiúil**, agus an sprioctheanga á húsáid chomh luath agus chomh minic agus is féidir.

## Teagasc trí mheán na Gaeilge

Tabhair faoi deara gur **Gaeilge amháin** a úsáideann an múinteoir le linn an eispéiris foghlama. Is bunphrionsabal é seo de theagasc agus foghlaim rathúil na teanga breise. Ní hamháin go gcinntítear tuilleadh teagmhála leis an teanga tríd sin, ach tugtar deis don mhúinteoir freisin dea shampla de Ghaeilge chruinn, chruthaitheach agus líofa a eiseamláiriú. D'úsáid an múinteoir cuid mhór **prapaí agus ábhair nithiúla** chun tacú le tuiscint na bpáistí.

## An Cur Chuige Cumarsáideach

Úsáideann an múinteoir an cur chuige cumarsáideach le cumas na bpáistí a fhorbairt agus a neartú chun cumarsáid a dhéanamh le chéile trí Ghaeilge. Moltar an cur chuige cumarsáideach mar chur chuige leis an dara teanga agus le teangacha breise a mhúineadh. Tá an cur chuige seo páistelárnach; agus leagtar an bhéim go príomha ar na páistí ionas go nglacfaidh siad páirt i gcumarsáid atá taitneamhach, idirghníomhach agus fiúntach. Cuirtear saol laethúil agus spéiseanna na bpáistí san áireamh, laistigh d'eispéiris foghlama teanga agus le linn an lae scoile. Agus eispéireas foghlama teanga á ullmhú, cruthaíonn an múinteoir comhthéacsanna leis na páistí ina mbeidh orthu úsáid a bhaint as an sprioctheanga chun tasc a chur i gcrích. Cé go mbeidh teanga nua i gceist leis seo, beidh na páistí ag baint úsáid agus leas as an teanga atá acu cheana le linn dóibh a bheith páirteach sa tasc. Is féidir go nglacfaidh na páistí páirt i réimse gníomhaíochtaí teanga lena n-áirítear dul siar ar stór focal atá ar eolas acu ag tús an eispéiris foghlama teanga, ach tuigeann siad go bhfuil sin á dhéanamh acu chun tacú leis an gcumarsáid. Agus úsáid á baint as cur chuige cumarsáideach, is féidir go mbeidh sé cabhrach an t-eispéireas foghlama a eagrú i dtrí thréimhse:

- an tréimhse luathchumarsáide
- an tréimhse chumarsáide
- an tréimhse iarchumarsáide.

Is féidir le teagasc teangacha dul ó thréimhse go tréimhse go solúbtha trasna na trí thréimhse den chur chuige cumarsáideach. San eispéireas foghlama seo cuirtear leis an stór focal, leis na nathanna agus leis na feidhmeanna teanga a bhí á bhforbairt ag na páistí sa rang i gcaitheamh na coicíse roimhe sin.

## An Tréimhse Luathchumarsáide

**Spéis a chothú:** I dtús an eispéiris foghlama, feictear na páistí ag aithris rainn agus amhráin atá ar eolas acu. Tríd sin, **cothaítear spéis na bpáistí i labhairt na Gaeilge a bhfuil taithí acu air cheana féin**.

Le linn na tréimhse seo, bíonn na páistí ag baint úsáid as an teanga atá ar eolas acu agus feicimid a muinín ina gcumas sa Ghaeilge de réir mar a deir siad na rainn agus na hamhráin.

**Dul siar:** Ansin, téann an múinteoir siar ar chuid de na focail/frásaí atá ar eolas ag na páistí cheana agus a bhaineann le comhthéacs na siopadóireachta. Tugtar an deis do na páistí ar dtús **an teanga atá ar eolas acu a chleachtadh** ar bhealach gníomhach trí bheannú dá chéile de réir mar a shiúlann siad timpeall an tseomra ranga. Tríd an aithris ghníomhach seo, soláthraítear scafláil shaibhir d'fhoghlaim na bpáistí uile sa rang.




**Ionchur Teanga Nua:** Ag an tréimhse seo den eispéireas teanga, cuirtear le réamheolas na bpáistí agus tosaíonn an múinteoir ar **stór focal agus frásaí nua** a mhúineadh dóibh. Chun tacú le stór focal agus frásaí nua a shealbhú, úsáidtear **athrá agus aithris** chun an tacaíocht chuí a sholáthar do na páistí leis an teanga a shealbhú go cruinn. Tá sé tábhachtach go dtabharfar isteach stór focal nua i bhfrásaí/in abairtí seachas focail a mhúineadh ina n-aonar.


**Cleachtadh Teanga:** Agus an teanga nua múinte, tugtar deiseanna do na páistí **an stór focal agus na frásaí nua a chleachtadh** sula dtéann siad ar aghaidh chuig an tréimhse chumarsáide. Is deis iontach é seo do na páistí an teanga nua a úsáid i gcomhthéacs cumarsáideach agus tugann sé deis don mhúinteoir measúnú a dhéanamh ar theanga agus ar fhuaimniú na bpáistí. Cuireann na **hábhair nithiúla** le spéis agus tuiscint na bpáistí. Nuair atá go leor cleachtaidh faighte ag na páistí, tosaíonn an múinteoir ag dul i dtreo na tréimhse cumarsáide. Is éard atá i gceist leis sin an tasc a bheith á eiseamláiriú ag an múinteoir agus ag páiste don rang. Ina dhiaidh sin, déanann páistí eiseamláiriú ar an tasc i mbeirteanna os comhair an ranga arís agus arís eile. Nuair atá an múinteoir sásta go dtuigeann na páistí an tasc atá idir lámha, tosaíonn siad ag obair ar bhonn níos neamhspleáiche i ngrúpaí.



## An Tréimhse Chumarsáide

Le linn na tréimhse cumarsáide, bíonn deis ag na páistí **an stór focal agus na frásaí nua** a d'fhoghlaim siad, chomh maith leis an teanga a d'fhoghlaim siad roimhe sin, a úsáid agus **a chleachtadh** ar bhealach cumarsáideach, neamhspleách, agus comhthéacs spraíúil á úsáid. Sa Sampla seo, tá na páistí ag dul chuig siopaí difriúla, tasc lena léirítear a saol laethúil agus a spéiseanna. Feicimid an múinteoir, **trí idirghníomhaíochtaí spraíúla**, ag soláthar **tacaíocht** bhreise do pháistí chun tacú le húsáid cheart a bhaint as an teanga nua nó **chun cur le** teanga na bpáistí ag a bhfuil dul chun cinn maith á dhéanamh sa Ghaeilge fad a imríonn na grúpaí eile go neamhspleách. Arís, cuireadh scafaill amhail piaraí, ábhair nithiúla agus prionta sa timpeallacht ar fáil do na páistí chun an **tacaíocht chuí** a thabhairt dóibh **le haghaidh úsáid teanga bharántúil** sa tréimhse seo den eispéireas foghlama. Spreagtar na páistí chun 'triail a bhaint as' liosta siopadóireachta a scríobh chomh maith.




**Samplaí de liostaí na bpáistí don 'Siopa Éadaí'**

## An Tréimhse Iarchumarsáide

Le linn na tréimhse seo den eispéireas foghlama, daingníonn na páistí an teanga nua atá foghlamtha acu. Sa Sampla seo, úsáideann an múinteoir cluiche *Kahoot* agus bíonn an teanga nua lárnach sa chluiche. De réir mar a léann an múinteoir na ceisteanna os ard, éisteann na páistí leo, tugann siad aird orthu, agus freagraíonn siad iad. Tríd an obair bheirte sin, is féidir **teagmháil a dhéanamh leis an teanga chumarsáideach** arís agus arís eile agus is féidir leis an múinteoir measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag na páistí.




# Ullmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim

Agus an múinteoir ag ullmhú don teagasc agus foghlaim, baineann sí leas **as an gcur amach atá aici ar na páistí** (m.sh. na chéad chéimeanna eile ina gcuid foghlama), **as an gcur amach atá aici ar an gcuraclam** (Gnéithe agus Torthaí Foghlama a roghnú trasna chéim 1 agus chéim 2, féach thíos) agus **as an gcur amach atá aici ar an oideolaíocht** (m.sh. scafláil agus cur leis an bhfoghlaim, an cur chuige cumarsáideach). Áirítear leis an **ullmhúchán dofheicthe** a dhéanann sí na hidirghníomhaíochtaí ó nóiméad go nóiméad leis na páistí agus na breathnuithe a dhéanann sí orthu, mar aon leis na comhráite a bhíonn aici le múinteoirí eile, lena n-áirítear an Múinteoir Oideachais Speisialta, ar gnéithe iad sin uile a úsáidtear chun bonn eolais a chur faoin bhfoghlaim amach anseo. Áirítear leis an **ullmhúchán infheicthe** a dhéanann sí na hacmhainní a bhailigh sí chun an fhoghlaim a fheabhsú; amhail na hearraí do na siopaí éagsúla agus an cluiche *Kahoot*. San **ullmhúchán taifeadta** a dhéanann sí, díríonn sí ar na Torthaí Foghlama i gcomhar leis na Contanaim Dul chun Cinn. Tagann na Torthaí Foghlama uile a roghnaítear thíos ón snáithe Teanga ó Bhéal.

| Gné | Torthaí Foghlama | Fócas na foghlama nua |
|---|---|---|
| **Cumarsáid** | **TF 3:** Gnásanna sóisialta agus feasacht ar dhaoine eile | Focail agus frásaí Gaeilge le linn gníomhaíochtaí comhroinnte. |
| **Fiosrú agus Úsáid** | **TF 7:** Iarratais, ceisteanna agus idirghníomhaíochtaí | Ceisteanna dúnta, simplí a chur agus freagraí gairide, simplí a thabhairt chun eolas a fháil. |

De réir mar a oibríonn páistí i dtreo na Torthaí Foghlama sin a bhaint amach agus a théann siad i mbun eispéiris foghlama teanga shaibhre, déanann siad **príomhinniúlachtaí** a chothú agus a fhorbairt mar atá leagtha amach i gCreatchuraclam na Bunscoile. Mar seo a leanas a shainaithnítear na príomhinniúlachtaí is ábhartha don eispéireas foghlama seo:

- A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid trí thuiscint a fhorbairt agus taitneamh a bhaint as idirghníomhaíochtaí fiúntacha
- A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach trí rannpháirtíocht ghníomhach in eispéiris foghlama spraíúla, leat féin agus le daoine eile




# Léiriú ar an bhFoghlaim

Sa Sampla seo bhain an múinteoir úsáid as réimse de chuir chuige **measúnaithe iomasaigh** lena n-áirítear **ceisteanna cuí a chur** agus **pléití a chothú** chun foghlaim agus teagmháil leis an teanga a scafláil. Téann an múinteoir i mbun **breathnóireachta** le linn an chluiche *Kahoot* inar féidir léi leibhéal tuisceana na bpáistí a mheas.

# Ceisteanna Machnaimh

1. Tosaíonn an múinteoir trí rainn agus amhráin a aithris as Gaeilge leis na páistí. Conas a thacaítear tríd sin na páistí a spreagadh chun an Ghaeilge a labhairt le linn an eispéiris foghlama?
2. Cé na gnéithe den chur chuige cumarsáideach, a mbaineann an múinteoir úsáid astu, is mó a gcuireann tú spéis iontu? Cén fáth ar chuir tú spéis iontu sin? An bhfuil deiseanna ann chun an cur chuige seo a úsáid i do chleachtas féin?
3. Tríd an machnamh a dhéanann na páistí sa Sampla seo léirítear an méid taitnimh a bhain siad as an eispéireas foghlama agus cé chomh spreagtha a bhí siad chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid. Cén tacaíocht a thug an múinteoir dóibh sna tréimhsí difriúla den chur chuige cumarsáideach?
4. Conas is féidir cúlraí teanga agus teangacha baile difriúla na bpáistí a thabhairt isteach in eispéiris foghlama na Gaeilge?

Le breathnú ar an bhfíseán a bhaineann leis an bhFaisnéis Tacaíochta seo, cliceáil anseo.